15.11.2023 A9-0319/392

**Leasú 392**
**Frédérique Ries**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 a. Go dtí go measfaidh an Coimisiún a stádas de bhun mhír 10b den Airteagal seo, ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le pacáistíocht adhmaid agus pacáistíocht chéarach a chumhdaítear le Rialachán (CE) 1935/2004.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Baineann riosca tromchúiseach le hAirteagal 6 go gcuirfear toirmeasc iomlán ar chineálacha áirithe pacáistíochta, amhail pacáistíocht adhmaid agus chéarach a bhíonn i dteagmháil le bia, a úsáidtear go háirithe le haghaidh cáiseanna áirithe Eorpacha, nach bhfuil bealaí tiomnaithe acu. Bunaithe ar sháruithe a bheith ann agus ar dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, tá an Coimisiún le tuarascáil a tharraingt suas chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht díolúine a thabhairt isteach don chineál sin pacáistíochta, bunaithe ar ghníomh tarmligthe.*

**Leasú 393**
**Frédérique Ries**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***10 b. Faoin 31 Nollaig 2028, tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar measúnú ar an ngá le síneadh a chur leis na maoluithe arna mbunú faoi mhír 10a den Airteagal seo bunaithe ar staid an dul chun cinn eolaíoch agus theicniúil, ar infhaighteacht bonneagair athchúrsála agus ar mheasúnú saolré ar chineálacha eile pacáistíochta malartaí. Bunaithe ar an tuarascáil sin, agus tar éis dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2030, gníomh tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar na ceanglais maidir leis an bpacáistíocht sin agus lena ndéanfar measúnú ar an sochar comhshaoil a bhaineann le pacáistíocht den sórt sin chun ceanglais an Airteagail seo agus Airteagal 8 a chomhlíonadh.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Baineann riosca tromchúiseach le hAirteagal 6 go gcuirfear toirmeasc iomlán ar chineálacha áirithe pacáistíochta, amhail pacáistíocht adhmaid agus chéarach a bhíonn i dteagmháil le bia, a úsáidtear go háirithe le haghaidh cáiseanna áirithe Eorpacha, nach bhfuil bealaí tiomnaithe acu. Bunaithe ar sháruithe a bheith ann agus ar dhul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, tá an Coimisiún le tuarascáil a tharraingt suas chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht díolúine a thabhairt isteach don chineál sin pacáistíochta, bunaithe ar ghníomh tarmligthe.*

15.11.2023 A9-0319/394

**Leasú 394**
**Frédérique Ries**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. I gcás ina gcuirfidh dáileoir deiridh deochanna neamh-mheisciúla, cé is moite de bhainne, i bpacáistíocht díolacháin ar fáil ar an margadh: (a) áiritheoidh sé, laistigh de chríoch Ballstáit, ón 1 Eanáir 2030, go mbeidh 20 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide; (b) féachfaidh sé lena áirithiú ón 1 Eanáir 2040 go mbeidh 35 % ar a laghad de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Athrú a rinneadh ar leasú 200 de dhréacht-tuarascáil ENVI ós rud é gur léir go ndíolmhaítear bainne ó na spriocanna athúsáide le haghaidh deochanna neamh-mheisciúla leis an téacs ón gCoimisiún (mír 6 d’Airteagal 26).*

15.11.2023 A9-0319/395

**Leasú 395**
**Frédérique Ries**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta agus, ar an ***mbonn*** sin, déanfaidh ***sé measúnú ar*** a ***oiriúnaí a bheadh sé bearta a bhunú, athbhreithniú ar na spriocanna a*** leagtar síos san Airteagal seo, agus spriocanna nua a ***shocrú maidir le hathúsáid*** agus ***athlíonadh de phacáistíocht,*** agus ***i gcás inar gá, togra reachtach a chur i láthair***. | 17. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = 8 mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcás maidir le hathúsáid pacáistíochta***.*** Agus ***tionchar na spriocanna maidir le hathúsáid pacáistíochta á mheas***, ***déanfaidh an Coimisiún meastóireacht*** ar an ***laghdú dramhaíola ó phacáistíocht a fuarthas mar thoradh ar an méid seo a leanas ar a laghad: spriocanna athúsaide 2030, laghdú astaíochtaí CO2, laghdú ar an gcur amú bia, laghdú ar na méideanna amhábhar íon a úsáidtear, úsáid uisce agus fuinnimh, éilliú uisce agus úsáid glantach agus díghalrán bunaithe ar mheasúnú neamhspleách saolré a ndearnadh athbhreithniú piaraí air. Déanfaidh an Coimisiún measúnu freisin ar fhorbairt na dramhphacáistíochta cairtchláir agus a tionchair ar an gcomhshaol agus éifeachtaí de bharr ionadú ábhar a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar dhíolúintí ábhartha in Airteagal 22 in éineacht le hIarscríbhinn V, agus de bharr Airteagal 26(7), (10), (12) agus (13). Ar bhonn an athbhreithnithe*** sin, déanfaidh ***an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach*** a ***thíolacadh ina ndéanfar an méid a leanas: (a) spriocanna 2040 a*** leagtar síos san Airteagal seo ***a mhodhnú*** |

***nó a dheimhniú***, agus ***(b), más gá,*** spriocanna nua a ***leagan síos le haghaidh athúsáid in earnálacha eile*** agus ***le haghaidh formáidí*** agus ***ábhair phacáistíochta eile***.

Or. en

*Réasúnú*

*Anailís saolré a chur leis*

15.11.2023 A9-0319/396

**Leasú 396**
**Frédérique Ries**
thar ceann an Ghrúpa Renew

**Tuarascáil** **A9-0319/2023**
**Frédérique Ries**
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 26 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6 a. Déanfaidh na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ón oibleagáid faoi mhír 3a, pointe (a), agus faoi mhír 3b, pointe (a) den Airteagal, má tá an ráta athchúrsála arna thuairisciú ag na Ballstáit don Choimisiún faoi Airteagal 50(2), pointe (c) os cionn 85 % de réir meáchain an ábhair phacáistíochta sin a cuireadh ar mhargadh an Bhallstáit sin sna blianta féilire 2026 agus 2027.*** |
| | ***I gcás ina léiríonn tuairisciú den sórt sin go bhfuil ráta athchúrsála ar leithligh an ábhair phacáistíochta faoi seach faoi bhun 85 %, cuirfidh an Ballstát plean cur chun feidhme faoi bhráid an Choimisiúin ina léirítear straitéis lena ngabhann gníomhaíochtaí nithiúla, lena n-áirítear amlíne lena n-áirithítear go mbainfear amach an ráta athchúrsála 85 % de réir mheáchan an ábhair phacáistíochta faoi seach laistigh de 2 bhliain.*** |

Or. en

*Réasúnú*

*Is mian linn clásal solúbthachta a chur ar fáil d’oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann ardleibhéal athchúrsála amach agus nach mbeadh orthu oibleagáidí athúsáide a chomhlíonadh. Ag an am céanna leis an “gclásal cosanta”, mar a thugtar air, is féidir linn a áirithiú go gcaomhnófar ina iomláine córas DRS atá oiriúnach don athchúrsáil, amhail na cinn atá i bhfeidhm sna tíortha Nordacha.*